2024/1558

27.6.2024

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 12/2024

an 2 Feabhra 2024

lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/1558]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1426 ón gCoimisiún an 5 Lúnasa 2022 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta agus sonraíochtaí teicniúla aonfhoireamacha le haghaidh chineálcheadú an chórais tiomána uathoibrithe (ADS) i bhfeithiclí lán-uathoibrithe ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 52d (Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1341 ón gCoimisiún) de Chaibidil I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

'52e. **32022 R 1426**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1426 ón gCoimisiún an 5 Lúnasa 2022 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta agus sonraíochtaí teicniúla aonfhoireamacha le haghaidh chineálcheadú an chórais tiomána uathoibrithe (ADS) i bhfeithiclí lán-uathoibrithe (IO L 221, 26.8.2022, lch. 1).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

Gan dochar d'fhorálacha Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú seo, i bpointe 5.4. de chuid 2 d'Iarscríbhinn III, cuirfear na focail 'nó Údarás Faireacháin CSTE a mhéid a bhaineann le monaróirí atá bunaithe i Stáit CSTE' isteach i ndiaidh na bhfocal 'an Coimisiún'.'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1426 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 3 Feabhra 2024, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*), nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 49/2022 ó Chomhchoiste LEE an 18 Márta 2022 ([2]), cibé acu is déanaí.

([1]) IO L 221, 26.8.2022, lch. 1.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([2]) IO L 182, 7.7.2022, lch. 19.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Feabhra 2024.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN